# Cearta Leanaí a Fhíorú

Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha maidir le Cearta Leanaí do dhaltaí sa **tSraith Shóisearach**

ombudsman do leanaí for children

UNCRC 25
Children Now, Rights Now

Centre for Human Rights and Citizenship Education
DCU Institute of Education

## Clár Ábhar


Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí 2

Conas na hábhair seo a úsáid: Eolas do Mhúinteoirí 3

Gníomhaíocht 1: Amlíne um Chearta Leanaí 4

Gníomhaíocht 2: Ó Chearta go Réaltacht 7

Gníomhaíocht 3: Gníomh! Múr-Amlíne um Chearta Leanaí 10

Acmhainn 1: Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí 12

Acmhainn 2: Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí – Dátaithe 13

Acmhainn 3: Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí – Focail agus Sainmhínithe 14

Acmhainn 4: Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 15

Acmhainn 5: Cearta Leanaí in Éirinn - Réimse Imní 16

## A Phríomhoide agus a Mhúinteoir,

Mar an Ombudsman do Leanaí, is é ceann de mo chuid ról feasacht maidir le cearta leanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc leanaí agus daoine óga agus lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Is éard is aidhm leis na hábhair Cearta Leanaí a Fhíorú ná chun cabhrú leat cearta leanaí a iniúchadh le do dhaltaí i gcomhthéacs theagasc agus fhoghlaim an churaclaim. Forbraíodh na hábhair ag foireann oideachasóirí ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Fionnuala Waldron, Brian Ruane, an Dr Benjamin Mallon, Rowan Oberman agus an Dr Seline Keating as a gcuid oibre chun na hábhair a cheapadh.

Uaireanta fiafraíonn daoine dúinn cá háit a shainítear cearta leanaí. Is iad an dá phríomhphointe tagartha ná an Bunreacht, an phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), sraith de chaighdeáin chearta daonna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.


Dhaingnigh Éire an UNCRC i 1992. Trí sin a dhéanamh, rinne Éire gealltanas faoi dhlí idirnáisiúnta cearta na leanaí arna leagan amach sa Choinbhinsiún a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, gan idirdhealú. I 2017 beidh sé 25 bliain ó rinne an Stát an gealltanas tábhachtach seo oibriú i dtreo chearta na leanaí faoin UNCRC a bhaint amach i saol laethúil leanaí agus daoine óga a chónaíonn in Éirinn.

I 2016, thugamar faoi chomhairliúchán ar a dtugtar Tune In, a lorg tuairimí leanaí agus daoine óga ar an gcaoi ar mhaith leo go méadódh an OCO feasacht maidir le cearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga sa todhchaí. Is í an scoil an áit is minice a aithníodh inar mhaith le leanaí agus daoine óga faisnéis a fháil faoi chearta leanaí. Is múinteoirí, mar aon le tuismitheoirí/caomhnóirí na daoine is minice a aithníodh mar na daoine a bhfuil muinín ag leanaí agus daoine óga astu agus a bhfuil siad sásta faisnéis faoi chearta leanaí a fháil uathu.

I bhfianaise na dtorthaí sin agus i gcomhthéacs na comórtha 25 bliain, tá áthas orm gur féidir linn an tsraith ábhar Cearta Leanaí a Fhíorú a chur ar fáil do scoileanna. Tá súil agam go dtacóidh na hábhair le do chuid oibre agus go mbeidh tú féin agus do mhic léinn den tuairim go bhfuil siad oideachasúil agus taitneamhach.

Áirítear sna hábhair fócas tábhachtach maidir le tacú le leanaí agus le daoine óga gníomh a chur i bhfeidhm i ndáil le cearta leanaí (féach Gníomhaíocht 3). Bheimis thar a bheith sásta dá bhféadfá a insint dúinn faoi haon ghníomh a ghlacann tú trí ríomhphost a chur chugainn ag education@oco.ie nó trí teagmháil a dhéanamh linn ar Twitter (@OCO_ireland), Facebook (@OCOIreland) nó Instagram (@ombudsmanforchildren).

Míle buíochas,



**Niall Muldoon**

An tOmbudsman do Leanaí
2017



# Conas na hÁbhair seo a Úsáid: Eolas do Mhúinteoirí

## Réamhrá ar na hábhair seo

Forbraíodh na hábhair seo d'Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun tacú le daltaí na Sraithe Sóisearaí (daoine óga thart ar 13-15 bliain d'aois) iniúchadh a dhéanamh agus gníomh a ghlacadh i ndáil le cearta leanaí.

## Na Gníomhaíochtaí

Áiríonn an acmhainn seo trí ghníomhaíocht:

- **Gníomhaíocht 1 – Amlíne um Chearta Leanaí**
  Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le daoine óga dul i ngleic le himeachtaí a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn agus chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gceanglaíonn siad le cearta leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC).
- **Gníomhaíocht 2 – Ó Chearta go Réaltacht**
  Tríd an ngníomhaíocht seo, déanann daoine óga iniúchadh ar conas fíorú cearta leanaí in Éirinn a chur chun cinn.
- **Gníomhaíocht 3 – Aicsean! Múr-Amlíne um Chearta Leanaí**
  Cabhraíonn an ghníomhaíocht seo le daoine óga tuiscint daoine eile maidir le cearta leanaí in Éirinn a fhorbairt.

## Acmhainní agus ábhair a ghabhann leis

Is féidir na **hacmhainní** a forbraíodh le linn na ngníomhaíochtaí a fháil ag deireadh an phacáiste seo agus cuirtear uimhreacha orthu chun cabhrú leat iad a aithint. Tá **taispeántas sleamhnán** de shiombailí a dhéanann ionadaíocht ar chearta leanaí faoin UNCRC agus **póstaer** den UNCRC ar fáil ar láithreán gréasáin an OCO chun tacaíocht bhreise a thabhairt do d'obair leis na leanaí. Soláthraíonn láithreán gréasáin an OCO **Comhad Tacaíochta do Mhúinteoirí** freisin, ina bhfuil eolas fhorlíontach, lena n-áirítear roinnt comhad fíricí, gluais téarmaí a bhaineann le cearta leanaí, agus naisc chuig roinnt láithreán gréasáin, a sholáthraíonn faisnéis bhreise a d'fhéadfadh cur le do chuid oibre d'fhonn cur chuigí seomra ranga agus scoile uile i ndáil le hoideachas cearta an linbh a fhorbairt.

## Prionsabail agus Cur Chuige Oideachasúil

Tá cúig shraith d'ábhair a bhaineann le Cearta Leanaí a Fhíorú, agus tá gach ceann dírithe ar aoisghrúpa áirithe leanaí agus daoine óga. Forbraíodh na hábhair ag baint úsáide as cur chuige bíseach maidir le pleanáil oideachais. Cé go bhforbraíodh na gníomhaíochtaí d'aoisghrúpaí sonracha agus gur féidir iad a úsáid mar ghníomhaíochtaí neamhspleácha nó a rith mar shraith ceachtanna, tá roinnt príomhphrionsabal ann a thacaíonn le gach ceann de na hábhair. Áirítear ar na prionsabail sin an tábhacht a bhaineann le feasacht agus tuiscint leanaí agus daoine óga ar a gcearta a ardú; rud a thugann deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht; agus a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga gníomhú go haoisoiriúnach chun tionchar a imirt agus athrú a chur ar chúrsaí.

## Naisc leis an gCuraclam

Tacóidh na hábhair seo le do chuid oibre roinnt gnéithe den churaclam iar-bhunoideachais, lena n-áirítear Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil.

## Gníomhaíocht 1: Amlíne um Chearta Leanaí

### Cuspóir:

- Daoine óga a chur ar an eolas faoi chearta leanaí agus faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)
- Tacú le daoine óga iniúchadh a dhéanamh ar chróineolaíocht na n-imeachtaí éagsúla a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn agus ar an gcaoi a gceanglaíonn siad le cearta leanaí faoi UNCRC

### Ceist Threorach:

- Cén chaoi a bhfuil imeachtaí a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn ceangailte leis an UNCRC?

### Torthaí Foghlama:

Inniu beimid ag foghlaim:

- faoi chearta leanaí agus daoine óga agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
- faoi fhorbairtí a bhaineann le dul chun cinn cearta leanaí agus daoine óga in Éirinn

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Físeán an OCO faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (ar fáil ag vimeo.com/203109950)
- Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí (Acmhainn 1)
- Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí- Dátaithe (Acmhainn 2)
- Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí – Focail agus Sainmhínithe (Acmhainn 3)
- Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Acmhainn 4)

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Conas an Choinbhinsiún um Chearta an Linbh a chur le chéile

1. Eagraigh an rang i ngrúpaí de 4. Tabhair tír do gach grúpa nó iarr ar gach grúpa tír a roghnú iad féin. Cuir an cnámh scéil seo a leanas i láthair do na daltaí: 1989 atá ann. Is ionann gach grúpa agus tír dhifriúil sa domhan. Tá sé de dhualgas ar gach tír sraith ceart a chur le chéile agus a chomhaontú a chreideann siadsan gur chóir a bheith ag gach leanbh agus gach duine óg faoi 18 bliain d'aois ionas go mbeidh siad in ann maireachtáil agus go n-éireoidh leo sa saol.
2. Nuair a bheidh sraith ceart pléite agus comhaontaithe ag gach 'tír', tabhair na tíortha ar ais le chéile chun a gcuid tuairimí a roinnt agus chun plé a dhéanamh ar mar a aontaíonn siad agus a easaontaíonn siad lena chéile. Is féidir le gach tír iarracht a dhéanamh a dtuairimí a chur ina luí ar thíortha eile.
3. Cabhraigh leis na tíortha liosta de chearta coiteanna a thiomsú agus a chomhaontú aontú. Is ionann sin agus an liosta foriomlán de chearta an linbh.

4. Taispeáin físeán an OCO faoin UNCRC (vimeo.com/203109950) don rang agus / nó tabhair amach cóipeanna d'achoimre an UNCRC (Acmhainn 4). Tacaigh leis an rang cosúlachtaí agus difríochtaí a aithint idir an coinbhinsiún um chearta an linbh atá cruthaithe acu féin agus ceann an UNCRC.

## Forbair mar seo: Iniúchadh a dhéanamh ar amlíne um chearta leanaí

5. Iarr ar na daoine óga dul i mbeirteanna agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag féachaint ar imeachtaí a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn. Tabhair Cárta Imeachta um Chearta Leanaí gan dáta do gach chúpla (Acmhainn 1) mar aon le liosta focal agus sainmhínithe gaolmhara (Acmhainn 3).
6. Iarr ar na daoine óga plé a dhéanamh ina gcúplaí ar a dtuigeann siad faoin imeacht a bhfuil cur síos déanta ar a gcárta ina leith. Abair leo gur féidir leo dul i gcomhairle le hAcmhainn 3 má tá focail ann nach bhfuil ar eolas acu.
7. Tabhair cuireadh do gach cúpla seasamh suas agus bogadh timpeall an tseomra, ag cur síos ar an imeacht ar a gcárta do dhaoine eile.
8. Iarr ar gach cúpla machnamh a dhéanamh ar cén uair, dar leo, a tharla an t-imeacht ar a gcárta i gcoibhneas leis na himeachtaí ar na cártaí eile, agus cén fáth? Tabhair cuireadh do dhuine óg ó gach cúpla líne a chruthú, áit a léiríonn an líne, nuair a bheidh sé críochnaithe, an t-ord a mheasann na daoine óga gur tharla na himeachtaí ar na cártaí. Is féidir leis an duine óg eile ó gach cúpla dul ar ais chuig an mbord.
9. Ag bogadh trí an amlíne i dtreo an lae inniu, tabhair cuireadh don duine óg ó gach cúpla atá ag seasamh sa líne cárta imeachtaí an chúpla a léamh agus míniú a thabhairt ar an gcúis a roghnaigh an bheirt an áit ina bhfuil siad ag seasamh ar an amlíne.
10. Tabhair cóip de na Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí - Dátaithe (Acmhainn 2) do gach duine óg atá suite síos. Iarr orthu a sheiceáil lena chéile cibé an bhfuil a gcuid imeachtaí faoi seach san áit cheart san amlíne agus a gcuid comhpháirtithe a athordú sa líne, de réir mar is gá.

## Críochnaigh mar seo: An Amlíne um Chearta Leanaí a Phlé

Bunaithe ar imeachtaí na hamlíne, éascaigh plé maidir leis an amlíne sa rang ag úsáid na ceisteanna seo a leanas:

- Cé acu de na cearta leanaí faoin UNCRC a bhfuil baint ag an imeacht leis?
- An mbaineann gach imeacht le gach leanbh nó cuid de na leanaí in Éirinn? Más 'cuid' de na leanaí a d'fhreagair tú, cén grúpa leanaí, dar leat, is mó a bhfuil tionchar ag an imeacht seo orthu?
- Cén imeacht, dar leat, is tábhachtaí maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus cén fáth?
- Tuigtear ón amlíne go nglacann sé achar ama cearta leanaí a bhaint amach do gach leanbh. Cén fáth an gceapann tú go bhfuil sé sin amhlaidh?

11. Tacaigh leis an rang machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a oiriúnú:

Is féidir leat an ghníomhaíocht amlíne a oiriúnú ionas go n-oibríonn sé sa spás fisiceach atá in úsáid agat - mar shampla, má tá an spás fisiceach atá ar fáil duit teoranta, d'fhéadfá leaganacha níos mó de na cártaí imeachta a dhéanamh agus cabhrú leis na daltaí iad seo a chur ar bhalla, seachas iarraidh ar na daoine óga an amlíne a dhéanamh iad féin.

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a leathnú:

D'fhéadfá cabhrú leis na daltaí an amlíne a fhorbairt trí chártaí breise a chruthú a léiríonn imeachtaí ina saol féin (m.sh. an chéad lá ar scoil) agus ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta – imeachtaí a mheasann siad gur clocha míle tábhachtacha iad maidir lena  gcearta féin agus cearta leanaí eile a fhíorú.

## Gníomhaíocht 2: Ó Chearta go Réaltacht

### Cuspóir:

- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga iniúchadh a dhéanamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú le cearta leanaí in Éirinn a chur chun cinn níos mó

- Cabhrú le daoine óga idirghníomhú le dearcadh idirnáisiúnta ar réimsí a bhfuil tuilleadh dul chun cinn ag teastáil d'fhonn cearta leanaí in Éirinn a urramú, a chosaint agus a bhaint amach

### Ceisteanna Treoracha:

- Cé na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun cearta leanaí a fhíorú do leanaí agus daoine óga?

- Cad iad na réimsí ina bhfuil tuilleadh gníomhaíochtaí ag teastáil chun cearta leanaí in Éirinn a chur chun cinn?

### Torthaí Foghlama:

Inniu, beimid ag foghlaim faoi:

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

- Gníomhaíochtaí a chabhraíonn le cearta leanaí a fhíorú agus réimsí ina bhfuil gníomhaíocht ag teastáil chun cearta leanaí in Éirinn a chur chun cinn

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Páipéar A3 – bileog amháin do gach grúpa beag
- Nótaí greamacha
- Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Acmhainn 4)
- Cearta Leanaí  in Éirinn: Réimsí imní (Acmhainn 5)

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Cur an Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh I láthair

1. Mínigh don rang go ndeir an UNCRC (Airteagal 4) gurb é an Stát atá freagrach go príomha as a chinntiú go ndéantar cearta an linbh faoin UNCRC a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh do gach leanbh agus duine óg faoi 18 in Éirinn. Maidir leis sin, agus de réir mar is gá, cabhraigh leis an rang cuid de phríomhghníomhairí an Stáit in Éirinn a aithint (m.sh an tOireachtas, an Rialtas, ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit, na cúirteanna, etc.).

2. Roinn na daoine óga ina ngrúpaí beaga (tuairim is 4 dalta in aghaidh an ghrúpa) agus tabhair leathanach A3 agus roinnt nótaí greamacha do gach grúpa. Mínigh go bhfuil 5 nóiméad ag na daoine óga le bheith ag obair le chéile ina ngrúpaí chun na príomhrudaí a aithint agus a phlé – príomhghnéithe a cheapann siad nach mór do

Stát na hÉireann a dhéanamh chun cearta leanaí le cinntiú, go ndéanfar cearta leanaí agus daoine óga faoi 18 in Éirinn a fhíorú. Iarr ar gach grúpa gach smaoineamh a bhíonn acu a scríobh ar nóta greamach agus iad sin a ghreamú ar an leathanach A3.

3. Tabhair réamhrá do na leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus an ról atá aige, m.sh. mínigh gur grúpa saineolaithe neamhspleácha idirnáisiúnta maidir le cearta leanaí é an Coiste seo. Scrúdaíonn an Coiste an dul chun cinn atá na Stáit (lena n-áirítear Éire) ag déanamh chun a ngealltanas do leanaí a chomhlíonadh faoin UNCRC agus tugann sé treoir do na Stáit maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir leo a dhéanamh chun cearta leanaí a bhaint amach faoin UNCRC. I measc na ngníomhaíochtaí sin tá cinn ghinearálta gur féidir leis na Stáit a dhéanamh. Tugtar 'bearta ginearálta' orthu agus áirítear ar na gníomhaíochtaí sin: dlíthe a dhéanamh, maoiniú a chur ar fáil, oibriú le chéile, taighde a dhéanamh, agus oideachas a sholáthar.

4. Iarr ar gach grúpa a gcuid smaointe a sórtáil faoi na cúig theideal seo a leanas: Tugann na leideanna seo a leanas tacaíocht do na daoine óga sa tasc seo:
   - Dlíthe – Ba chóir go n-áireodh sé seo dlíthe a dhéanamh a bhaineann le cearta éagsúla leanaí (ceart ag leanaí d'oideachas), a chinntiú go bhfuil meas ag na dlíthe atá ann cheana ar chearta leanaí, agus dlíthe atá cheana a athrú d'fhonn cearta leanaí a urramú agus a chosaint go hiomlán.
   - Maoiniú - lena n-áirítear buiséid a dhéanamh agus maoiniú a leithdháileadh chun íoc as na rudaí a theastaíonn chun cabhrú le cearta leanaí ar leith a fhíorú i ngnáthshaol na leanaí (m.sh. ceart ag leanaí d'oideachas – maoiniú chun múinteoirí a íoc, scoileanna a thógáil agus a chothabháil, tacaíochtaí ar leith a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a dteastaíonn siad uathu, etc.)
   - Comhoibriú – Áirítear leis sin daoine agus eagraíochtaí ag obair le chéile chun tacú le leanaí i gcásanna ar leith (m.sh. daoine/eagraíochtaí a bhfuil baint acu le réimsí cosúil le tithíocht, oideachas, cúram sláinte, iompar agus leas sóisialach ag obair le chéile chun cabhrú le leanaí agus teaghlaigh atá ag fulaingt de bharr easpa dídine)
   - Taighde – Áirítear leis sin eolas a bhailiú a chruthaíonn tuiscint níos fearr ar leanaí agus gnéithe éagsúla dá saol.
   - Oideachas – Áirítear leis sin a chinntiú go bhfaigheann daoine a bhíonn ag obair le leanaí agus daoine óga (m.sh múinteoirí, dochtúirí, altraí, oibrithe sóisialta, dlíodóirí, státseirbhísigh) oideachas agus traenáil maidir le cearta leanaí.

5. Ag tabhairt aghaidh ar gach teideal ceann ar cheann, iarr ar urlabhraí amháin ó gach grúpa aiseolas a thabhairt faoi aon smaointe, más ann dóibh, a bhí ag an ngrúpa faoi gach teideal chomh maith le haon smaointe atá acu nach bhfuil bainteach go díreach le haon ceann de na teidil. Déan nóta de na smaointe sin go léir faoin na teidil chuí ar chlár bán nó smeach-chairt.

## Forbair mar seo: Iniúchadh a dhéanamh ar réimsí imní a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn

6. Mínigh do na daoine óga go bhfuil siad chun ról Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a ghlacadh iad féin. Tabhair cóip den acmhainn Cearta Leanaí in Éirinn: Réimsí Imní (Acmhainn 5) do gach grúpa agus soiléirigh go bhfuil na hábhair imní arna liostú i measc na gcinn a leag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh béim orthu i ndiaidh a athbhreithnithe in 2016 ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena gealltanais do leanaí faoin UNCRC a sheachadadh.

7. Iarr ar gach grúpa a gcuid réimsí imní a léamh amach agus roghnaigh ábhar imní amháin a bhfuil spéis acu ann. Tacaigh le gach grúpa píosa beag taighde a dhéanamh ar an ábhar agus cur i láthair gearr a dhéanamh (m.sh. ag úsáid Powerpoint, Prezi nó formáid mhalartach eile) le déanamh os comhair an ranga go léir. Tabhair cuireadh do na daltaí dul i gcomhairle láithreán gréasáin an OCO It's Your Right (www.itsyourright.ie) mar phointe tosaigh dá gcuid taighde agus a gcuid oibre chun na cuir i láthair a ullmhú:
   - Cén réimse imní a bhfuil do chur i láthair ag díriú air?
   - Cé na grúpaí leanaí a mbaineann an cás ar a bhfuil tú ag féachaint leo?
   - Cad iad na cearta leanaí faoin UNCRC a bhfuil tionchar ag do chás orthu?
   - Cé na gníomhaíochtaí dar leat nach mór a dhéanamh chun an cás ar a bhfuil tú ag féachaint a fheabhsú/a athrú do na leanaí a bhfuil tionchar ag an gcás sin orthu?

## Críochnaigh mar seo: Cur i láthair réimsí imní

8. Tabhair cuireadh do gach grúpa a gcur i láthair a thabhairt agus a roinnt leis an gcuid eile den rang.
9. Tacaigh leis an rang machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a oiriúnú:

Mar chuid de chéim 7, d'fhéadfá iarraidh ar gach grúpa cuardach a dhéanamh ar ailt a bhí sna meáin le déanaí a bhaineann leis an réimse imní a bhfuil siad ag féachaint air agus chun an t-eolas sna hailt sin a úsáid ina gcur i láthair.

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a leathnú:

Iarr ar na daoine óga tuairisc meáin a phleanáil a thuairiscíonn ar ghníomhaíocht sa todhchaí a shamhlódh siad a mbeadh tionchar suntasach aige ar réimse imní amháin ar leith atá liostaithe in Acmhainn 5 nó aon saincheist eile a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn, a bhfuil imní orthu mar gheall air. Seo a leanas roinnt ceisteanna chun cabhrú leis na daoine óga gníomhaíocht a roghnú agus an obair a bhaineann le tuairisc meáin mar gheall air a ullmhú:

- Cad é an réimse imní?
- Cén gníomhaíocht atá á déanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní agus cén fáth an bhfuil sí chomh tábhachtach?
- Cén eagraíocht atá freagrach as an ghníomhaíocht agus atá ag obair uirthi?
- Cén cineálacha tacaíochta, más ann dóibh, atá daoine aonair nó eagraíochtaí eile ag tabhairt chun an ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm?
- Cad a bhainfidh an ghníomhaíocht seo amach do leanaí agus daoine óga?
- Cad a mheasann na leanaí agus na daoine óga a bhfuil tionchar ag an ngníomhaíocht seo mar gheall uirthi??

Tabhair tacaíocht do gach grúpa cinneadh a dhéanamh ar an tslí a dteastaíonn uaidh an tuairisc a chur i láthair (m.sh. ráiteas nuachta, podchraoladh, agallamh raidió, alt i nuachtán nó irisleabhar), ag cur na hábhair atá ar fáil san áireamh. Tabhair cuireadh do gach grúpa a dtuairisc a chur i láthair os comhair an chuid eile den rang.

## Gníomhaíocht 3: Gníomh! Múr-Amlíne um Chearta Leanaí

### Cuspóir:

- Tacú le daoine óga idirghníomhú leis an smaoineamh gur tionscadal neamhchríochnaithe é cearta leanaí in Éirinn a fhíorú
- Cur ar chumas daoine óga a gcuid eolais agus scileanna a úsáid chun gníomhaíocht ar son cearta leanaí a dhearadh, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm

### Ceist Threorach:

- Conas is féidir linn an méid a d'fhoghlaimíomar faoi chearta leanaí a roinnt chun béim a chur ar na príomhghnéithe a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn agus ar na gníomhaíochtaí breise a chaithfear a ghlacadh chun cearta leanaí a chur chun cinn?

### Torthaí Foghlama:

Mar ghníomhaíocht, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Múr-amlíne a dhéanamh faoi chearta leanaí bunaithe ar an méid a d'fhoghlaimíomar faoi agus a phléamar cearta an linbh in Éirinn
- Feasacht a ardú i measc daoine óga agus daoine fásta eile inár scoil / bpobal faoi chearta leanaí in Éirinn

### Na rudaí a bheidh ag teastáil uait:

- Téip Tomhais
- Balla folamh
- Bileoga páipéir (daite nó bán, leis an méid ag brath ar an spás atá ar fáil chun an múrphictiúr a dhéanamh)
- Pinn luaidhe dhaite, pinn agus/nó péinteanna
- Ábhair ealaíon, mar atá ar fáil
- Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí– Dátaithe (Acmhainn 2)
- Cearta Leanaí in Éirinn: Réimsí Imní (Acmhainn 5)
- Liosta de ábhair imní eile a leag na daltaí béim orthu sna cuir i láthair a thug siad mar chuid de Ghníomhaíocht 2

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Amlíne a Tharraingt

1. Iarr ar na daoine óga cinneadh a dhéanamh ar thréimhse a n-amlínte (mar shampla, 1989 go 2039). Tomhais an spás atá ag teastáil don mhúr-amlíne, ag cur san áireamh an spás atá ar fáil duit - mar shampla, má tá 2.5 méadar de spás balla ar fáil duit agus tú ag obair ar amlíne 50 bliain, d'fhéadfaí 0.5 méadar a thabhairt le haghaidh gach deich mbliana ar an amlíne.

## Forbair mar seo: Clocha Míle a chur leis an Múr-Amlíne

2. Iarr ar na daoine óga oibriú le chéile i ngrúpaí beaga chun leaganacha níos mó de na Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí - Dátaithe (Acmhainn 2) a dhéanamh agus na cártaí seo a chur ar feadh na hamlíne.

3. Bunaithe ar obair na ndaoine óga a rinneadh le linn Ghníomhaíochtaí 1 agus 2, éascaigh tobsmaointeoireacht ranga a chuireann ar chumas na ndaoine óga na rudaí seo a leanas a mholadh agus a chomhaontú:

   – imeachtaí eile ar mhaith leo a chur leis an músrphictiúr mar chlocha míle atá bainte amach go dtí seo chun cearta leanaí a chur chun cinn in Éirinn

   – saincheisteanna chearta leanaí in Éirinn a gcaithfear aghaidh iomlán a thabhairt orthu agus dáta réalaíoch faoina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na saincheisteanna sin.

4. Roinn an rang ina bpéirí nó ina ngrúpaí beaga agus roinn na himeachtaí agus na saincheisteanna a chomhaontaigh an rang idir gach péire/grúpa beag. Iarr ar na daoine óga oibriú le chéile ina bpéirí/ina ngrúpaí beaga chun gach imeacht/saincheist a tugadh dóibh a léiriú ar phíosa páipéir eile. Cinntigh go gcuireann siad an dáta a tharla an t-imeacht nó, i gcás saincheisteanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu go fóill, an dáta a mheasann an rang ar chóir aghaidh a thabhairt uirthi. Chomh luath agus a bheidh siad i gcríoch, cuir na cártaí/bileoga sin ar an amlíne.

5. Má tá an ghníomhaíocht shínteach i gcríoch ag na daoine óga, d'fhéadfadh siad eolas óna dtuairiscí meáin a chur leis an amlíne – mar shampla, sliocht, íomhá/grianghraf, píosa eolais staitistiúil nó seat scáileáin.

## Críochnaigh mar seo: An amlíne a chur i láthair

6. Nuair atá an músrphictiúr críochnaithe, cabhraigh an rang a amlíne a chur i láthair do leanaí, daoine óga agus daoine fásta eile sa scoil agus / nó sa phobal áitiúil. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar imeacht scoile uile nó ócáid sa phobal áitiúil. Tabhair cuireadh do gach leanbh, duine óg agus duine fásta atá i láthair gnóthachtáil bhreise ag leibhéal náisiúnta nó áitiúil a bhaineann le cearta leanaí nó gníomhaíocht amach anseo ar mhaith leo a fheiceáil do leanaí agus a gcearta a chur isteach.

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a oiriúnú:

Mura bhfuil agat ach spás an-teoranta chun an múr-amlíne a dhéanamh, tá roinnt láithreán gréasáin saor in aisce ar nós Sutori (www.sutori.com) inar féidir amlíne idirghníomhach a fhorbairt. Ag brath ar an teicneolaíocht atá ar fáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh na daoine óga in ann comhoibriú ar fhorbairt na hamlíne ó ríomhairí éagsúla. Díreach mar atá leis an Múr-Amlíne, is féidir le daoine óga íomhánna, etc. a uaslódáil chuig a n-amlíne. D'fhéadfaí an amlíne idirghníomhach nó na grianghraif den amlíne beo a roinnt ansin le daoine eile, lena n-áirítear an OCO, trí na meáin shóisialta.

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a leathnú:

D'fhéadfá an múr-amlíne críochnaithe a úsáid mar bhunús le plé a dhéanamh faoi chearta leanaí leis na leanaí, daoine óga agus daoine fásta a chuir le forbairt na hamlíne. Ag brath ar fhormáid na hamlíne, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint an bhféadfaí é a thaispeáint in ionad áitiúil eile - mar shampla, ionad pobail áitiúil, leabharlann nó gailearaí nó comhairle contae.

## Acmhainn 1: Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí

| | |
|---|---|
| Reáchtáiltear reifreann chun Airteagal nua a áireamh maidir le leanaí agus cearta leanaí (Airteagal 42A) i mBunreacht na hÉireann. Vótálann 58% de na daoine a chaitheann vóta sa reifreann seo i bhfábhar Airteagal 42A a áireamh sa Bhunreacht. | Glacann Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a bhfuil Éire ina bhall de, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. |
| Bunaítear Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus déileáil le gearáin a dhéanann leanaí nó le leanaí faoi eagraíochtaí poiblí (m.sh ospidéil, seirbhísí oibre sóisialta agus scoileanna). | Foilsíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an chéad Straitéis Náisiúnta Rialtais maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht. Is é seo an chéad straitéis dá leithéid san Eoraip. |
| Tar éis an chéad athbhreithnithe i 1998, déanann Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a dara athbhreithniú ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena gealltanais do leanaí a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. | Daingníonn Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC). Trí seo a dhéanamh, tugann Stát na hÉireann gealltanas cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh faoin UNCRC do gach leanbh agus daoine óga faoi 18 atá ina gcónaí in Éirinn. |
| Ceaptar Aire Sinsearach do Leanaí agus Gnóthaí Óige agus bunaítear Roinn atá tiomanta do Leanaí agus Gnóthaí Óige don chéad uair. | Aithnítear go foirmiúil an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith in Éirinn. |
| Achtaíonn an tOireachtas an tAcht Oideachais, dlí a chruthaíonn creat dlíthiúil do chóras oideachais na hÉireann ag leibhéal bunscoile agus sa dara leibhéal. | Foilsíonn Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a thríú tuarascáil ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena ghealltanais do leanaí a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. |
| Bunaítear Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach) ar bun mar eagraíocht náisiúnta tiomanta atá freagrach as tacaíocht do theaghlaigh, cosaint agus leas leanaí, leas oideachais, agus cúram malartach do leanaí. | Foilsíonn an Rialtas Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Leanaí, an chéad straitéis náisiúnta sa tír seo maidir le leanaí agus daoine óga. |
| Bunaítear An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí - comhpháirtíocht le os cionn 100 eagraíocht neamhrialtasach (NGO) atá ag obair ar chearta leanaí in Éirinn. | Tionóltar an chéad Dáil na nÓg. Bíonn sé ar siúl i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath, an áit chéanna a tionóladh an chéad Dáil i 1919. |

## Acmhainn 2: Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí – Dátaithe

| | |
|---|---|
| Reáchtáiltear reifreann chun Airteagal nua a áireamh maidir le leanaí agus cearta leanaí (Airteagal 42A) i mBunreacht na hÉireann. Vótálann 58% de na daoine a chaitheann vóta sa reifreann seo i bhfábhar Airteagal 42A a áireamh sa Bhunreacht.<br>**2012** | Glacann Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a bhfuil Éire ina bhall de, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.<br>**1989** |
| Bunaítear Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus déileáil le gearáin a dhéanann leanaí nó le leanaí faoi eagraíochtaí poiblí (m.sh. ospidéil, seirbhísí oibre sóisialta agus scoileanna).<br>**2004** | Foilsíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an chéad Straitéis Náisiúnta Rialtais maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht. Is é seo an chéad straitéis dá leithéid san Eoraip.<br>**2015** |
| Tar éis an chéad athbhreithnithe i 1998, déanann Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a dara athbhreithniú ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena gealltanais do leanaí a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.<br>**2006** | Daingníonn Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC). Trí seo a dhéanamh, tugann Stát na hÉireann gealltanas cearta an linbh a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh faoin UNCRC do gach leanbh agus daoine óga faoi 18 atá ina gcónaí in Éirinn.<br>**1992** |
| Ceaptar Aire Sinsearach do Leanaí agus Gnóthaí Óige agus bunaítear Roinn atá tiomanta do Leanaí agus Gnóthaí Óige don chéad uair.<br>**2011** | Aithnítear go foirmiúil an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith in Éirinn.<br>**2017** |
| Achtaíonn an tOireachtas an tAcht Oideachais, dlí a chruthaíonn creat dlíthiúil do chóras oideachais na hÉireann ag leibhéal bunscoile agus sa dara leibhéal.<br>**1998** | Foilsíonn Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a thríú tuarascáil ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena ghealltanais do leanaí a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.<br>**2016** |
| Bunaítear Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach) ar bun mar eagraíocht náisiúnta tiomanta atá freagrach as tacaíocht do theaghlaigh, cosaint agus leas leanaí, leas oideachais, agus cúram malartach do leanaí.<br>**2014** | Foilsíonn an Rialtas Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Leanaí, an chéad straitéis náisiúnta sa tír seo maidir le leanaí agus daoine óga.<br>**2000** |
| Bunaítear An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí - comhpháirtíocht le os cionn 100 eagraíocht neamhrialtasach (NGO) atá ag obair ar chearta leanaí in Éirinn.<br>**1995** | Tionóltar an chéad Dáil na nÓg. Bíonn sé ar siúl i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath, an áit chéanna a tionóladh an chéad Dáil i 1919.<br>**2001** |

## Acmhainn 3: Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí – Focail agus Sainmhínithe

Tugann an liosta thíos sainmhínithe ar roinnt de na focail atá le feiceáil ar na Cártaí Imeachta um Chearta Leanaí. Má tá focail eile ar do Chárta nach bhfuil ar eolas agat, cén fáth nach gcuireann tú ar an liosta seo iad agus faigh amach cad a chiallaíonn na focail sin?

| | |
|---|---|
| reifreann | … vóta faoi cheist thábhachtach a iarrtar ar gach duine sa tír atá i dteideal vóta a chaitheamh (na toghthóirí) a dtuairimí a nochtadh agus cinneadh a dhéanamh ina leith |
| Bunreacht na hÉireann | … an bhunchdáipéis dhlíthiúil in Éirinn, ina leagtar amach conas ba cheart Éire a rialú agus cearta na saoránach |
| Comhthionól Ginearálta | … fóram tábhachtach de chuid na Náisiún Aontaithe, áit a ndéanann na Ballstáit, lena n-áirítear Éire, plé ar réimse leathan saincheisteanna idirnáisiúnta (mar shampla, síocháin agus slándáil) |
| glacadh | … nuair a chomhaontaíonn na Náisiúin Aontaithe téacs conartha nó comhaontaithe go foirmiúil (cosúil le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh) |
| Coinbhinsiún | … comhaontú foirmiúil idir na Stáit |
| Ombudsman | … déanann cearta agus leasanna daoine a chosaint trí iallach a chur ar eagraíochtaí poiblí (m.sh. ospidéil, scoileanna, seirbhísí oibre sóisialta, Ranna Rialtais) a ngníomhaíochtaí agus a gcinntí a mhíniú agus a bheith freagrach astu |
| Roinn | … tá an Roinn á rith ag Aire Rialtais agus tá státseirbhísigh inti a chuidíonn leis an Aire agus a chuireann comhairle air/uirthi (mar shampla, ritheann an tAire Sláinte an Roinn Sláinte) |
| Straitéis | … plean gnímh chun spriocanna nó réitigh ar leith a chur i bhfeidhm |
| daingniú | … nuair a chomhaontaíonn Stát (mar shampla, Éire) go bhfuil sé faoi cheangal go dlíthiúil ag conradh (mar shampla ag Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh) |
| grúpa eitneach | … grúpa a bhfuil saintréithe coiteanna acu cosúil le cultúr, teanga, reiligiún agus traidisiúin, a chuireann le céannacht an ghrúpa agus leis na daoine aonair a bhaineann leis an ngrúpa |
| An tOireachtas | … an pharlaimint náisiúnta, atá comhdhéanta den Uachtarán, an Dáil agus an Seanad agus a bhfuil de chumhacht aige dlíthe a dhéanamh, a athrú agus a bhaint |
| Coiste na NA um Chearta an Linbh | … grúpa saineolaithe neamhspleácha idirnáisiúnta ar chearta leanaí a thugann treoir do thíortha ar conas a ngealltanais do leanaí a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus a dhéanann scrúdú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag tíortha ar chearta leanaí |
| cúram malartach | … bealach eile chun cúram a thabhairt do leanbh nuair nach féidir lena dteaghlach aire a thabhairt dóibh (m.sh. cúram altrama, áit a bhfuil leanbh ina chónaí le teaghlach altrama) |
| | |
| | |

## Acmhainn 4: Achoimre ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Is comhaontas idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a liostaíonn na cearta atá ag gach leanbh agus duine óg suas go 18 mbliana d’aois. Ba chóir go mbeadh taithí ag gach leanbh agus duine óg ar na cearta seo agus iad ag fás anuas. Airítear na cearta seo:

- Cách éagsúil, cách comhionann
- Bia sláintiúl
- Cúram sláinte
- Náisiúnacht
- Príomháideacht
- Oideachas
- Ag teacht ar eolas agus cosaint ó eolas dochrach
- Daoine ag déanamh cinneadh bunnaithe ar cad atá is fearr do leanaí
- Ainm
- Súgradh agus scíth
- Bheith slán
- Meas do do theanga, cultúr agus religiún
- Baile
- Éadaí
- Guth a bheith agat nuair atá cinneadh déanta fút
- Teaghlach agus cúram
- Cosaint ó obair a dhéanann díobháil duit
- Do chuid cearta agus freagrachtaí a thuiscint

## Acmhainn 5: Cearta an Linbh in Éirinn - Réimse Imní

In 2016, d'fhoilsigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a thríú tuarascáil ar an dul chun cinn go bhfuil déanta ag Éire i dtaca le cearta leanaí in Éirinn a chomhlíonadh agus a fhíorú. Bhí buairteanna ag an gcoiste agus bhí moltaí acu I leith réimse leathan d'fhadhbanna go gcaitheann leanaí in Eire dul i ngleic leo I dtaca lena gcuid cearta. Is iad seo na buairteanna agus na moltaí go raibh ag an gcoiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh I dtaca le Éirinn:

### Réimse Imní: Leithcheal in aghaidh leanaí

Bhí coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh buartha faoin leithcheal go dtarlaíonn in aghaidh leanaí ón lucht siúl, leanaí Roma agus leanaí LGBTI. An moladh a bhí acu ná gur chóir d'Éire a h-iarrachtaí a fheabhsú chun an leithcheal seo a throid I gcoinne na grúpaí seo do leanaí.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/equality/

### Réimse Imní: An cearta vóta a chaitheamh

Bhí an coiste buartha nach raibh aon ghealltanas reifreann a eagrú chun an aois votála in Eirinn a íslú ó 18 go 16. An moladh a bhí acu don stáit ná smaoinigh ar reifreann don saghas seo a eagrú chun an aois vótála a íslú go 16.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/say/

### Réimse Imní: Leanaí faoi mhíchumas

Bhí an coiste buartha nach raibh an Stáit ag déanamh a dhóthain chun cearta na leanaí faoi mhíchumas a thacú. Mhol an coiste gur chóir don Stáit níos mó a dhéanamh chun tacú le leanaí faoi mhíchumas dealáil lena riachtanais oideachtais agus chun cabhrú leo cónaigh agus cúram a fháil ina mbaile féin.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/equality/

### Réimse Imní: Meabhairshláinte

Bhí an coiste buartha go raibh bearnaí sa dlí agus san tacaíocht a thugtar do mheabhairshláinte leanaí agus daoine óga. Bhí cúpla moladh ag an gcoiste, go háirithe go gcuireadh an Stáit feabhas ar na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus go dtosóidh siad ag smaoineamh ar seirbhís eolais agus abhcóideacht I Leith meabhairshláinte a bhunú, seirbhís go mbeadh go háirithe I gcomhair leanaí agus daoine óga.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/healthcare/

## Réimse Imní: Bochtaineacht an linbh

Bhí an coiste an-bhuartha faoin méid leanaí in Éirinn go raibh fann folamh. Mhol an coiste gur chóir don Stáit níos mó a dhéanamh chun bochtaineacht an linbh a laghdú agus gur chóir dóibh Plean Gnímh a chur chun cinn chun a gcuid spriocanna I Leith bochaineacht an linbh a chomhlíonadh.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/food/

## Réimse Imní: Daoine gan dídean

Bhí an coiste an-bhuartha faoin méid ama go raibh teaghlaigh a bhí gan dídean ag caitheamh I lóistín éigeandála. Bhí siad buartha freisin faoin méid ama gur gá do teaghlaigh gan dídean fanacht ar thithíocht shóisialta. Mhol an coiste gur chóir don Stáit níos mó tithíocht shóisialta agus lóistín éigeandála a chur ar fáil do theaghlaigh. Dúirt siad freisin gur gá go mbeadh an lóistín agus tacaíocht atá ar fáil oiriúnach I gcomhair riachtanais na leanaí.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/a-home/

## Réimse Imní: Oideachas

Bhí cúpla buairt ag an gcoiste faoi oideachas in Éirinn. Ceann amháin do na buairt a bhí acu ná an méid brú go gcuireann scrudú na hArdteistiméireachta ar daoine óga. Mhol an coiste go smaoineadh an Stáit ar athrúcháin a dhéanamh don scrúdú chun laghdú a chur ar an mbrú go gcuireann sé ar daoine óga.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/education/

## Réimse Imní: Leanaí ina gconaí I Soláthar Díreach

Bhí an coiste buartha faoin méid leanaí go raibh ag iarraidh tearmainn ar an rialtas agus go raibh ina gconaí i Soláthar Díreach. Bhí imní ar an gcoiste faoi na háiseanna go raibh ar fáil do theaghlaigh le páistí óga I Soláthar Díreach, mar aon leis an mbealach isteach ar oideachas, bia agus éadaí go raibh ar fáil do na páistí seo. Bhí cúpla moladh ag an gcoiste: gur chóir áiseanna oiriúnach a chur ar fáil, spásanna I gcomhair súgradh agus scíth do pháistí san áireamh, seirbhísí oideachais agus cosaint leanaí mar aon le éadaí agus bia oiriúnach a chur ar fáil do na páistí.

**Le níos mó eolais a fháil:** www.itsyourright.ie/a-home/

ombudsman do leanaí for children

UNCRC 25

Children Now, Rights Now

Centre for Human Rights and Citizenship Education

DCU Institute of Education